
Más fíor don seanchas is ó Lá Fhéile Bríde ar aghaidh a chloistear na héin ag ceol arís agus iad i mbun nead a thógáil



An dtabharfá eolas na slí don éinín seo agus i ag iarraidh filleadh ar a nead?



Is mó áit in Éirinn fadó ina mbíodh sé de nós ag daoine feisteas ait a chaitheamh an oíche roimh Lá Fhéile Bríde (an 31 Eanáir).

**Na 'Biddies' a thugtaí ar an ndream seo**

agus d'fheictí iad ag dul ó theach go teach ag seinm ceoil agus ag rince. Bábóg ina nglac acu a thugtaí an Bhrídeog uirthi agus í ina siombail de Naomh Bríd. Cuireadh fáilte mhór roimh na 'Biddies' agus é de nós ag daoine bronntanas nó beagán airgid a thabhairt dóibh as siamsaíocht a thabhairt go leac an dorais acu

Féach na héiníní gleoite! Cé mhéad de gach cineál atá ann?





# Fáilte roimh an Earrach!



## Lá Fhéile Bríde sona duit, an 1 Feabhra

Creidtear le fada an lá in Éirinn gur ar an gcéad lá de mhí Feabhra a thosaíonn an tEarrach.
Fadó fadó ba ar an lá seo a cheiliúrtaí an fhéile ársa Cheilteach **'Imbolg'** freisin.

Samhlaítear Naomh Bríd leis an gcéad lá d'Fheabhra, é de theist uirthi a bheith ina naomhphátrún ar fhilí, ar mhairnéalaigh, ar ghaibhne agus ar chailíní déirí.





Cabhraigh leis an ngráinneog a uachais a fhágáil agus dul amach faoin ngrian!



Líon isteach na litreacha atá in easnamh







F _ _ _

M _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

As seo amach beidh fad ag teacht sa lá. Cuireann na feirmeoirí tús le hobair an Earraigh..

Má fheictear gráinneog ag teacht amach as a uachais, is comhartha é sin go mbeidh aimsir shéimh ann sula i bhfad.


**Déan an Cód MF seo a scanadh chun ár bhfíseán faoin Earrach a fheiceáil**

RÉITIGH:









Litreacha in Easnamh: File Mairnéalach

MUCKROSS HOUSE
RESEARCH LIBRARY

© Iontaobhaithe Theach Mhucrois, Cill Áirne, CLG. 2024



AN BHFUIL TÚ IN ANN

## na cúig dhifear a thabhairt faoi deara

IDIR AN DÁ PHICTIÚR SEO??



*Bhí an-dáimh ag Naomh Bríd le hainmhithe agus leis an ndúlra*

Úsáid do phinn luaidhe dhaite nó do chuid crián chun na bláthanna a dhathú.





Bhíodh sé de nós ag daoine fadó Crosa Bhríde a dhéanamh as luachair agus as tuí. Chrochtaí os cionn an dorais iad chun muintir an tí a chosaint ar stoirmeacha, ar thine, agus ar bhreoiteacht




Seans gur mhaith leat do

## Chros Bhríde

féin a ghearradh amach le crochadh suas i do theach féin.

MOLTAR DUINE FÁSTA A BHEITH I BHFEIGHIL AGUS ROINNT DE NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR SIÚL

## Ciorclaigh an freagra ceart




Deirtí go dtiocfadh Naomh Bríd ar cuairt chuig gach teach ar an 31 Eanáir lena beannacht a chur ar mhuintir an tí agus ar a gcuid stoc. D'fhágtaí píosa éadaigh lasmuigh le súil go leagfadh an naomh lámh air agus í ag dul thar bráid.

Thugtaí 'Brat Bhríde' air seo agus chreidtí go raibh leigheas ann d'éinne a raibh tinneas fiacaile nó tinneas cinn ag cur as dóibh.

